# Is iomaí bealach chun scóráil

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – oibriochtai, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, patrúin agus gaolta, ailgéabar<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE, Corpoideachas* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - ábhair, coincheapa agus próisis chuí a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chlárú agus modhanna éagsúla a úsáid chuige<br><br>Réasúnaíocht – réasúnú go córasach i gcomhthéacs matamaiticiúil |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | suimiú, dealú, iolrú, roinnt, fachtóirí, iolraithe, teaglamaí, córais scórála, pointí, luachanna, coibhéis, cnuasaigh, comhleanúnach, bain, caill, comhscór |
| **Áiseanna** | bileog acmhainne an dalta |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Mínigh don rang go mbaineann spóirt éagsúla úsáid as córais scórála éagsúla. Tá an córas scórála is simplí ag sacar. Is fiú a haon é cúl. Níl cineál scóir ar bith eile. Baineann haca agus haca oighir úsáid as an gcóras céanna.

Tá scóráil níos casta ag baint le spóirt eile. Mar shampla, maidir le peil Mheirceánach, tá bealaí ann chun 1, 2, 3 agus 6 phointe a scóráil. Maidir le cruicéad buaileann tú an liathróid uair amháin le 1, 2, 3, 4, 5 nó 6 rith a fháil.

Déanann daltaí taighde ar líne ar chórais scórála eile agus cruthaíonn siad meabhairmhapa chun an méid a fuair siad amach a thaispeáint.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar na daltaí scóir ó chluichí CLG a fhiosrú. Oibríonn siad líon iomlán na gcúilíní amach chun a fháil amach cé a bhuaigh gach cluiche. Ceistigh iad faoin modh a d'úsáid siad chun na scóir a ríomh. Tabhair an bhileog acmhainne do na daltaí chun na bealaí éagsúla scóir a fháil i gCLG agus rugbaí a oibriú amach. Fiosraigh na féidearthachtaí éagsúla agus lig dóibh a gcuid freagraí a roinnt lena chéile.

### 3 Gníomhaíocht 3

I mbeirteanna, fiosraíonn daltaí spóirt dhifriúla ina bhfuil córais scórála níos casta. Ó scór deiridh áirithe, molfaidh siad slite éagsúla ar féidir an scór sin a bhaint amach. Mar shampla, na slite difriúla ar féidir 100 a scóráil i gcruicéad.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na bealaí difriúla chun scóráil i gcluiche Peile Gaelaí?<br>• Cad iad na bealaí difriúla chun scóráil i rugbaí?<br>• Cé mhéad cúilín is fiú dhá chúl san iománaíocht?<br>• Má scórálaim dhá úd agus cic slánaithe amháin i rugbaí, cé mhéad pointe atá i gceist? | • Cad iad na slite difriúla ar féidir liom x cúilín/pointe a scóráil i gCLG, rugbaí?<br>• An féidir leat riail nó foirmle a scríobh maidir leis an líon iomlán pointí a oibriú amach?<br>• Conas is féidir leat córas scórála a d'fhéadfaí a úsáid thar réimse spórt a chruthú? |

## Difreáil

Roghnaigh spóirt ina bhfuil leibhéil dhifriúla chastachta de réir thuiscint na ndaltaí. Is féidir an ghníomhaíocht a shíneadh chun na pointí meánacha scóráilte thar shraith cluichí, nó thar shéasúr iomlán a ríomh. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Áis don Dalta

### Is Iomaí Bealach le Scóráil


1. Léiríonn an bosca thíos líon na bpointí ó chluiche camógaíochta. Smaoinigh ar na teaglamaí éagsúla de chúil agus de chúilíní is féidir a bheith sa dá scór.

**Líon na bPointí**

| Foireann A | Foireann B |
|---|---|
| 29 | 26 |

| Foireann A | | Foireann B | |
|---|---|---|---|
| Cúl | Cúilín | Cúl | Cúilín |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

2. Smaoinigh ar na bealaí éagsúla le pointí a scóráil sa rugbaí. Oibrigh amach cé acu scóir atá dodhéanta.




| Cúl | Cúilín | Cúl | Cúilín |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |